CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Dán aiceanta ón ochtú haois déag luath tiomnaithe do dhochtúir leighis: 'A fhortail fhir don bhorbfhuil na bhféinniodh mear' (Muircheartach Ua Gríofa) An accentual poem from the early 18th century for a medical doctor: 'A fhortail fhir don bhorbfhuil na bhféinniodh mear' (Muircheartach Ua Gríofa)
Authors	Ó Murchú, Tomás L.
Publication date	2023-01-01
Original Citation	Ó Murchú, T L 2023, 'Dán aiceanta ón ochtú haois déag luath tiomnaithe do dhochtúir leighis: 'A fhortail fhir don bhorbfhuil na bhféinniodh mear' (Muircheartach Ua Gríofa) An accentual poem from the early 18th century for a medical doctor: 'A fhortail fhir don bhorbfhuil na bhféinniodh mear' (Muircheartach Ua Gríofa)', Celtica, vol. 35, pp. 245-254. https://doi.org/10.58480/SCS-5juy5-3bvzw
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Link to publisher's version	10.58480/SCS-5juy5-3bvzw
Rights	© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of thislicense, visit https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/ Ó Murchú, T. L. (2023) 'Dán aiceanta ón ochtú haois déag luath tiomnaithe do dhochtúir leighis: A fhortail fhir don bhorbfhuil na bhféinniodh mear (Muircheartach Ua Gríofa)', Celtica, 35, 245-254. https://doi.org/10.58480/SCS-5juy5-3bvzw - https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/
Download date	2026-10-24 20:25:46
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/18739

UCC

University College Cork, Ireland

Coláiste na hOllscoile Corcaigh

DÁN AICEANTA ÓN OCHTÚ HAOIS DÉAG LUATH TIOMNAITHE DO DHOCHTÚIR LEIGHIS

A fhortail fhir don bhorbfhuil na bhféinniodh mear
(Muircheartach Ua Gríofa)

Abstract

An early eighteenth-century greeting in accentual verse by Muircheartach Ua Gríofa to a medical doctor, Muircheartach Ó Dubhagáin, wishing him success and resilience as he embarks on an unspecified mission abroad.

Dhá chóip den ndán so atá ar marthain chomh fada le m'eolas.[1] Tá an chóip is luaithe le fáil in Cambridge Add. 6559, a scríobh Mártan Ó Gríofa ó Chill Rois, Co. an Chláir tuairim na bliana 1845 (A feasta). Tá an chóip eile i lámhscríbhinn a scríobh Tomás Mac Muircheartaigh, nó Tomás Mhicil Ó Muirchearta', i mBaile an Fheirtéaraigh Thiar, Co. Chiarraí sa bhliain 1857 (C feasta). Tá an dá chóip gaolmhar le chéile, pé acu an cóip indíreach é C de A, nó gur eascraíodar as an bhfoinse chéanna. Is beag atá eatarthu agus is léiriú í an fhoirm 'artha' sa dá lámhscríbhinn seachas an fhoirm 'ortha' a éilíonn an mheadaracht an cóngas gaoil.[2] Ní tugtar mar réamhrá leothu ach 'Muircheartuigh (*sic*) Ua Gríobhtha cct do Dhochtuir Dúbhagáin' (A), agus 'Muircheartach Ó Ghriobtha cct do Dochtuir Dubhagain' (C). Molann láimh dhéanach (Standish H. Ó Grádaigh is dóichíde) leasú go 'don Docht*úir* Ó Dubhagáin', i LS Cambridge. Ní móide gur moladh gan fuaimint an moladh so, dá bhrí nach foláir dúinn glacadh leis gur don nDochtúir Muircheartach Ó Dubhagáin a ceapadh an dán so, óir luaitear ainm dílis an dochtúra ar líne 16.

Is féidir linn insint an dána a thabhairt mar leanas: v. 1 Seolann an file Muircheartach Ua Gríofa a dhea-ghuí go dtína pháirtí an Dochtúir Muircheartach Ó Dubhagáin i bhfoirm fhileata ar a dtugtar 'beannacht', 'bean-nocht'; v. 2 Iarrtar ar Íosa Críost an dochtúir a chosaint ar dhochar-bhroid agus ar chlaonadh beart; v. 3 Iarrtar cosaint don ndochtúir ar easláinte agus ar thinneasaí éagsúla; v. 4 Guítear go dtiocfaidh an dochtúir slán ó aistear farraige atá roimis amach; v. 5 Guítear rath ar an mborb-bhile go bhfuil an dochtúir ag dul faoina dhéin; v. 6 Tugann an file foláireamh don nDochtúir gan

[1] Tá mo bhaochas ar na daoine seo a leanas: an Dr Liam P. Ó Murchú as an ndán a phlé liom agus as dréacht den bpáipéar a léamh; an Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha a mhol dom an dán a ullmhú don gcló agus a chomhairligh mé ar chuid de na téarmaí leighis atá luaite ann; Seán Mac an tSíthigh a chuir lámhscríbhinn C, agus dá bhrí sin an dán féin, faoi mo bhráid an chéad lá.

[2] Féach nótaí téacsúil, líne 16 *m'ortha*.

 © Dublin Institute for Advanced Studies

ceann a thógaint de mhaslaí shaighdiúirí Éireannacha a bhuailfidh leis agus é i gcéin.

Ní heol dom aon duain eile ar marthain a cheap Muircheartach Ua Gríofa an dána so cé gur léir ar chumas a chuid filíochta agus ar údarás a chuid cainte go raibh a cheard go maith aige.[3] Is é is dóichíde ná gur Mhuimhneach ab ea é ar an gcúis go mbíodh Gríofaigh líonmhar i dTuamhain agus i gCill Orglan.[4] Cá bhfios dúinn ná raibh gaol nó cóngas de shaghas éigin ag scríobhaí A, Muiris Ó Gríofa, leis an bhfile agus eolas aige ar an ndán. Chomh maith leis sin, chleacht an Gríofach stíl filíochta a shamhlaíonn an scríbhneoir seo le Cúige Mumhan. Tabharfar faoi ndeara an t-amas {*o *o } a bhíonn an-choitianta i bhfilíocht Mhuimhneach i dtreo dheireadh na 17ú haoise. D'fhéadfaí an rann so a cheap Dónall na Buile Mac Cárthaigh timpeall na bliana 1694 a thabhairt mar shampla amháin don amas agus sórt friotail atá i gceist:

Ní hé an coga so is doilig liom ná táinig fós,
Ná torchra na mborbchon do b'ábhrach sgóp,
Ach toircheas mná brolla-ghil ó árdChloich Reó
Id dhoras-sa, agat a bhodaig, agad chráin dá dheó.[5]

Má táimid meathshásta gur Muimhneach ár bhfile níor chás dúinn a thuairimiú, leis, gur Muimhneach é fear tiomnaithe an dána, an Dochtúir Muircheartach Ó Dubhagáin. Is mó a shamhlaímid an teideal 'dochtúir' le dochtúir le diagacht sa tréimhse seo; na dochtúirí Séathrún Céitinn agus Dónall Ó Colmáin cuir i gcás, agus scata Éireann dochtúirí eile nach iad. Tá an teideal dochtúir (leighis) á úsáid sa Ghaeilge le fada an lá, áfach, agus is léir ar thagairt Thaidhg Uí Chianáin go raibh an téarma coitianta go maith i dtosach na 17ú haoise féin.[6] Agus ár bhfile ag guí cosaint ar aicídí éagsúla a d'fhéadfadh bualadh leis an nDubhgánach agus é i gcéin ní miste dúinn glacadh leis gur dochtúir leighis atá i gceist anso. Ina theannta san bheadh súil againn go molfaí a thréithe deabhóideacha luath nó mall dá mba dhochtúir le diagacht ab ea é, moladh ná tugtar sa dán so.

Is ar an Mór-Roinn a cuirtí oiliúint ar abhar dochtúirí leighis na hÉireann tar éis Chogadh an Dá Rí (1688–91). Théidís 'on Fhrainc go dtí Ollscoil chlúiteach Montpellier, ach ó thosach na 18ú haoise théidís, leis, go dtí scoil leighis Leyden.[7] Cé go raibh cosc ar Chaitlicigh áit a thógaint san

[3]Ní móide gurb é seo an Muircheartach Ua Gríofa céanna ar dhein Aogán Ó Rathaille aoir air: Patrick S. Dinneen agus Tadhg O'Donoghue (eag.), *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille*, ITS 3, second ed. (London, 1911), *A bháis, do rugais Muircheartach uainn*, 96 (uimh. XVII).

[4]Féach Edward MacLysaght, *The Surnames of Ireland*, fifth ed. (Dublin, 1980), s.n. 'Griffin, Griffey', 137.

[5]Tomás Ó Rathile (eag.), *Búrdúin Bheaga. Pithy Irish Quatrains* (Baile Átha Cliath, 1925), 40 (uimh. 190).

[6]Paul Walsh (eag.), *The Flight of the Earls by Tadhg Ó Cianáin* (Maynooth/Dublin, 1916), 144: 'Doreglamadh uile doctúiridhe ⁊ fisice na cathrach dia innsaigidh'.

[7]Ghnóthaigh 122 mac léinn leighis an máithreánach in Leyden idir 1701 agus 1738, féach Eamon O'Flaherty, 'Medical men and learned societies in Ireland', in Judith Devlin agus Howard B. Clarke (eag.), *European Encounters: Essays in Memory of Albert Lovett* (Dublin, 2003), 253–69, ar lch 256.

Irish College of Physicians tar éis 1692 níor cuireadh bac orthu leigheas a chleachtadh faoi mar cuireadh bac ar ghairmeacha eile a chleachtadh in aimsir na bPéindlíthe.[8] Fágann san go raibh ar chumas dochtúirí Caitliceacha dul i mbun a gcuid oibre sa tréimhse seo agus iad ar an dtuiscint ná cuirfí isteach ná amach orthu. Mar sin féin is ar an Mór-Roinn a chaitheadh cuid mhaith acu tamallacha agus iad ag tindeáil ar bhuíonta d'fhearaibh Éireann a bhí ag troid i gCogadh Chomharbas na Spáinne (1701–15); agus go háirithe sna *tercios* Éireannacha in arm na Spáinne i bhFlóndras.[9] Agus na nithe sin sa mheá againn, braithim ná beimis i bhfad ón gceart dá dtuairimeoimis gur dhochtúir leighis ab ea an Dubhgánach a bhí ar tí aghaidh a thabhairt ar an Mór-Roinn chun tréimhse a chaitheamh i d*tercio* Éireannach nó a leithéid; go raibh an file ag seoladh a dheaghuí chuige ach san am chéanna go raibh sé ag tabhairt foláirimh dó gan ceann a thógaint do dhreamanna áirithe dá chuid féin a bheadh ag cáinseoireacht air agus é thall. Caithfidh go raibh a chúis go maith ag an nGríofach an chomhairle seo a chur ar a pháirtí, cúinsí go bhfuilimidne dall orthu inniu.

Éinne amháin leis an ainm Dochtúir (Ó) Dubhagáin a bhuail liom i gcatalóga lámhscríbhinní na Gaeilge agus is é sin an té a chum an dán aiceanta 6 véarsa *Ní claoine fealla ná meatacht do leag ár mbuighean riamh*. As an trí chóip atá i mbailiúchán an Acadaimh[10] is í an chóip a dhein Uileag a Búrc timpeall na bliana 1750 an ceann is luaithe. 'Dochtuir Dubhgan cct anso', an t-aon eolas a thugann an Búrcach. I gcóip a dhein Mícheál Óg Ó Longáin timpeall na bliana 1833 faighimid faisnéis bhreise: 'Dochtúir Dúbhgán cct. 1709'. Is é Peadar Ó Longáin a dhein an chóip is déanaí agus ní deir sé ach 'Dochtuir Dubhgán cct.', gan aon trácht ar bhliain cumtha an dána. Tá difríochtaí, agus ní gan tábhacht iad, idir an trí chóip agus is trí léamh cumaisc a dhéanamh orthu is fearr a bhainfí cothrom céille astu.[11] Is léir mar sin nach ó na foinsí céanna a thagann an trí leagan anuas chugainn agus go bhfuil an dóchúlacht ann go raibh cur amach ag daoine ar an ndán so tráth dá raibh.

Dán is ea *Ní claoine fealla* … a dheineann contrárthacht ghéar idir ghaisce agus ghníomhartha na dtriath anallód, go háirithe Brian Bóramha, agus an claonadh chun fill agus meatachta a bhí sa dream a bhí suas le linn an fhile féin; dream nár shantaigh gníomh gaile 'ach bruíon na gcarad sa mbaile agus gearradh dlí Dia' (líne 23).[12] Cáineadh is ea é seo, ní foláir, ar an easaontas a bhí idir dhreamanna i bhfórsaí an Rí Séamas ó thús deireadh Chogadh an Dá Rí, agus go háirithe, ba dhóigh le duine, ar na ropairí a bhí ag creachadh is

[8] Ibid., 254–5.

[9] Féach Michael White, 'The role of Irish doctors in eighteenth century Spanish medicine', in Declan Downey agus Julio Crespo MacLennan (eag.), *Spanish-Irish Relations through the Ages* (Dublin, 2008), 149–174, ar lch 149.

[10] Uileag a Búrc, ARÉ 12 F 7, lch 128; Mícheál Óg Ó Longáin, ARÉ 23 C 8, lch 86; Peadar Ó Longáin, ARÉ 23 O 27, lch 185.

[11] Mar shampla, tá an líne dheireanach chéanna (24) ag Uileag agus ag Peadar 'nóch dfíoruig bearach do leacach is calam cíll niamh', ach í difriúil ar fad ag Mícheál Óg 'nach claoidhig a sleachta fe ghalluibh gan bail gan brian is ciach'. Ach tá 'sgur sgríobhach amhuil re danair' ag an dá Longánach ar líne 22 agus 'sgur griobhach amhail le danair' ag Uileag.

[12] Féach san aguisín mar le téacs.

ag marú ó thosach an chogaidh ach a chuaigh thar cailc ar fad i dtreo deiridh nuair a thugadar faoi ghnáthdhaoine ná raibh baint ar bith acu leis an gcoimhlint mhíleata a ionsaí agus a mharú.[13] Is féidir linn a thuairimiú ar chine an fhile gur Mhuimhneach ab ea é. Corcaíoch b'fhéidir, óir is i lámhscríbhinní ó Chorcaigh a tháinig an dán chugainn. Nod beag eile, b'fhéidir, go luann sé na gaiscígh ó Fhearaibh Maí Chorcaí a chuaigh síos go sleasaibh Átha Cliath in aimsir Chluain Tairbh (línte 5–6).

Gan dabht, ní féidir a dheimhniú le haon tsiúráil gurb é Dochtúir Dubhagán an dána so an Dochtúir Ó Dubhgáin céanna ar sheol Muircheartach Ua Gríofa a bheannacht chuige. Ba dhóigh le duine, áfach, ar an gcur i láthair gonta a tugtar don mbeirt go rabhthas ag súil go mbeadh cur amach éigin ag lucht léite na lámhscríbhinní ar cérbh é an Dochtúir Ó Dubhagáin agus nár ghá a thuilleadh a rá ina thaobh. De ghnáth is go dtí file eile a cuirtí 'beannacht' nó 'bean-nocht'[14] agus tá a fhios againn go raibh fear ann leis an ainm Dochtúir Dubhagán a chum ar laghad dán amháin, agus a lán eile ná fuil againn ar shlacht an aondána san.

Ar mhaithe leis an bplé mar sin, táthar chun glacadh leis, cé go trialach cáiréiseach é, gurb ionann an dá dhochtúir atá faoi chaibidil againn anso agus gur cumadh an dá dhán uair éigin sa chéad chúig bliana déag den 18ú haois. B'fhéidir go raibh *Ní claoine fealla* … dírithe ar dhream áirithe, gur tuigeadh go maith cérbh iad ag an am; dream a bhí imithe ar an Mór-Roinn ag troid i reisimint Éireannach éigin, agus, go bhfuair an dochtúir tuairisc go mbeadh sé ina bhfochair sara fada agus glaoite air chun na reisiminte céanna. Níl anso i ndáiríre ach hipitéis a chuireann dán an Ghríofaigh i gcás agus an véarsa deireanach go háirithe. Fágfar faoina léitheoirí a dtuairim féin a bhunú nó fianaise a chuirfeadh sinn ar mhalairt tuisceana a aimsiú.

FOINSÍ

Cambridge Add. 6559 (A) Mártan Ó Gríofa a scríobh i gCill Rois, Co. an Chláir idir 1844 agus 1845:
'Muircheartuigh Ua Gríobhtha cct do Dhochtuir Dúbhagáin'.

Músaem Chorca Dhuibhne LS 1 (C) Tomás Mac Muircheartaigh a scríobh i mBaile an Fheirtéaraigh Thiar, Co. Chiarraí i 1857:
'Muircheartach Ó Ghriobtha cct do Dochtuir Dubhagain'.

[13] Cáineann Dáibhí Ó Bruadair na ropairí céanna in *An Longbhriseadh*. Mar le plé air seo, féach Liam P. Ó Murchú, 'Duanaireacht Dháibhí Uí Bhruadair 1685–1691', in Máirín Ní Dhonnchadha (eag.), *Nua-Léamha: Gnéithe de Chultúr, Stair agus Polaitíocht na hÉireann c. 1600–c. 1900* (Baile Átha Cliath, 1996), 118–39, agus John G. Simms, *Jacobite Ireland 1685–91* (Dublin, 1969), 298–300.

[14] Féach nóta téacsúil 4.

Téacs

A fhortail fhir don bhorbfhuil na bhFéinniodh mear,
i ngoraghuil badh togartha ’sa gcéimibh treas,
ad fhochairse ós donas dam nách féadaim teacht
4 go follas leat chum sonais sin mo bhé gan bheart.

Cruinnitheach na cruinne uile is mac Dé na bhfeart
is toircheas na brolla-ghile gan géilleadh d’fhear,
do tollachadh i mullach croise do shaoradh ár gcean,
8 dod chosnamh ar dhochar-bhroid ’s ar chlaonadh beart.

Gan coilice ort badh docharach ná ad thaobhsa cnead,
gan othras ar oscailt ort ná créachta ar scairt,
gan scoraibh ort, gan bolgach, gan baol asma,
12 gan boirbeacht, gan doighearacht, gan péin in alt;

Aistriúchán

1–4 O powerful man of the proud blood of swift-moving warriors,
who were willing in blistering frays and in combat manoeuvres,
since it troubles me that I cannot come along with you
I openly send for your comfort my unclad maiden.

5–8 May the creator of the entire world and may the son of the almighty God,
the offspring of the bright-bosomed one who gave herself to no man,
he who was pierced on the top of a cross to cleanse our sins,
protect you from harsh difficulty and from impulse to evil.

9–12 May you not suffer harmful colic or shooting pain in your side,
or open skin ulcers or lacerations to your body,
or scurvy, smallpox, or the threat of asthma,
or bloating, pangs, or pain in your joints;

Foirmeacha sna lámhscríbhinní

1 4 mo bheidh A, m*o* beith C; **2** 5 Croineatheach AC; 6 toirritheas AC; na brolla gil[l]e AC; 7 tollachuidh AC; ár gceann AC; **3** 9 coileach AC; 11 *astma* AC; 12 dogaireacht AC.

gan urchair do ghoinfeadh tú ná gaoth ad ghar,
gan stoirm ort do loiscfeadh tú ná caora i neart,
gan doilghios i bhfogas duit ná taom ad chreath
16 sin m'ortha duit, a Mhuircheartaigh, dod shaol i bhfad.

Is ortha Mhuire, coscadh nimhe, is traochadh cleas,
is toradh guibhe Choluim Chille 's na naomh ar fad,
osna a' briseadh, coscadh broide, is éigheamh na lag,
20 dod bhorb-bhile d'fhortaigh laige i réim 'sa reacht.

Ná corraighse fá rothaireacht dá ndéinge spreas
do Scotaireamh is morgaithe as béal a teacht
nách cosmhaltar gur toradh file acht réimeas lag
24 's i roscaibh buile más docharach gach aos is ceart –
Finith

13–16 (may you not) suffer wounds from cannon fire, or encounter high winds (at sea),
or a storm (whose lightning) would char you, or raging powerful seas;
(may you not) encounter hardship or suffer convulsions in your body,
that is my prayer for you, o Murty, may you live long.

17–20 I pray for Mary's blessing, protection from evil, and subjugation of tricks,
the favour of Colm Cille's prayer and that of all the saints,
a sigh arising, prevention of oppression, and the plaintive prayers of the frail
for your steadfast leader who aided the weak in deed and in law.

21–24 Don't be perturbed by any vile verbal attack that may come from the mouth of a wretch of a common Irishman, which is nothing but a pathetic attempt in frantic verse, that can't be likened to the work of a poet, even if disparaging to every proper learned class.

4 13 orchuir AC; 14 caora neart AC; 16 m'airtha AC; shaolúgha AC; **5** 18 Culluim Chille A, cholluim Cille C; 19 éigeadh AC; **6** 21 roithaireacht AC; ndeingid AC; 22 moruighthe AC; 24 ná g*ach*aois AC.

Meadaracht

Amhrán: { (-) *o - - - *o - - - (-) é - a }
Tá an t-amas { o - *i - o - *i - } mar mhaisiú breise ar línte 17–20.

Nótaí téacsúla

4. *bé gan bheart*: Imeartas focal ar 'bean nocht' agus 'beannacht' leis an gciall 'cuirim mo bheannacht'. Ba nós coiteann ag filí na ré iarchlasaicí 'beannachtaí' den tsaghas so a sheoladh, eatarthu féin go mórmhór, nó go dtí taoiseach nó pátrún go mbeadh greann na filíochta ann. Is sampla luath é an ceann a sheol Pádraigín Haicéad go dtí Séamas Buitléir *c.* 1632: Máire Ní Cheallacháin (eag.), *Filíocht Phádraigín Haicéad* (Baile Átha Cliath, 1962), 61 (uimh. LI). As san i leith fachtar samplaí ó fhilí clúiteacha na Mumhan, Dáibhí Ó Bruadair, Uilliam Mac Cartáin an Dúna agus Mícheál Óg Ó Longáin ina measc.

6. *na brolla-ghile*: An Mhaighdean Mhuire.

7. *tollachadh*: (LSÍ tollachuidh) Tá an trí shiolla sa bhfoirm seo riachtanach ar mhaithe leis an gcomhfhuaim. Tugann an briathar *tollaim*, (*do*) *tolladh* dúinn mar bhriathar saor aimsir chaite. Ní foláir nó tá an fhoirm bhriathartha anso bunaithe ar aidiacht *tollach* = *tolltach* agus gur tuaiplis an deiriúchán sna lámhscríbhinní *-uidh* in ionad *-adh*. Cf. sampla den ngnáthfhoirm in Éamonn Ó hÓgáin (eag.), *Seán Clárach Mac Dónail: Filí 3* (Baile Átha Cliath, 2011), 23 (uimh. 4), líne 1 'Do tolladh me trém aeibhse is do goineadh me im scairt'.

7. *ár gcean*: Ár gcionta, Dinneen, *Foclóir Gaedhilge Béarla* s.v. *cean*, '*al.* a crime. *See* cion'.

9. *coilice*: (LSÍ coileach) Truailliú í foirm na LSÍ ar *coilice*, 'intestinal colic', ní foláir.

9. *cnead*: Glór doimhin a thagann ó dhuine go mbeadh breoiteacht scamhóg air nó goirtiú bainte dá chuid easnaíocha. Is ag tagairt do bhreoiteacht atáthar anso. Cf. Seán Óg Caomhánach, *Croidhe Cainnte Ciarraighe: Ag an gCóta* (An Roinn Oideachais, 1935–42), s.v. *cnead* mar le húsáidí. Féach Tracey Ní Mhaonaigh (eag.), http://www.forasnagaeilge.ie/angum/croidhe-cainnte-ciarraighe/ mar le téacs iomlán an fhoclóra.

10. *othras ar oscailt*: 'An open festering wound; skin ulcer/abscess'.

11. *scoraibh*: 'scorbach', 'scurvy'. Nó 'button scurvy; endemic syphilis'? Ceaptar gur tháinig an galar so go hÉirinn le lucht Chromaill sna 1650í, R. S.

Morton 'The button scurvy of Ireland' in *British Medical Journal of Venereal Diseases* 40 (Dec. 1964), 271–2. Ní galar gnéas-tarchurtha é.

11. *asma*: Asthma. Béim ar an dara siolla. Féach an tráchtas leighis *Almúsor* a scríobhadh síos *c*. 1400 ar dtúis, LNÉ LS G 11, 176a 15: 'is e is ainm diles don gne sin asma'.

12. *boirbeacht*: Bloating, indigestion. Féach Caomhánach, *Croidhe Cainnte Ciarraighe* s.v. *borbacht*, 'Do ghoill borbacht an bhídh orthu: do bhí an biadh róshaidhbhir agus rinne sé breóidhte iad'. 'An féidir leat a dhochtúir borbacht an tinnis do mhaolughadh? An pian mór do lagughadh'.

12. *doighearacht*: (LSÍ dogaireacht) Le rá le trí shiolla. Cf. *eDIL* s.v. *daiger* > daighear / doighear, 'a shooting pain, a pang'. Nó *eDIL* s.v. *dogar*, 'sad, gloomy, mournful', 'dogaireacht', ach leis an gciall 'affliction', cf. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge Béarla* s.v. *doghrainn*.

14. *caora*: Toinn mhóra nó farraige ard, féach Dinneen, *Foclóir Gaedhilge Béarla* s.v. *caor*, 'a huge wave'.

15. *doilghios*: Le rá le trí shiolla.

15. *creath*: Creat, 'frame', cf. Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla* s.v. *creath* agus *creat*.

16. *m'ortha*: (LSÍ m'airtha) 'Artha' i gCorca Dhuibhne agus in áiteanna eile sa Mhumhain, leis, ní foláir. Ach 'ortha' a lorgaíonn an mheadaracht, cf. líne 17.

16. *dod shaol*: (LSÍ shaoghlúg*ha* A, shaoghlugh*a* C) Leasaithe ar mhaithe le ciall loighciúil a bhaint as an líne, cf. 'ar feadh i bhfad', 'go maire tú i bhfad'.

17. *Ortha Mhuire*: 'Mar rug Anna Muire agus mar rug Muire Críost, mar rug Eilís Eoin Baiste, gan díth coise ná láimh, fóir ar an mbean, a Mhic. Fóir féin, a mháthair, ós tú rug an Mac, tabhair an ghein ón gcnámh, agus go mba slán a bhéas an bhean', Pádraig Ó Siochfhradha (eag.), *An Seanchaidhe Muimhneach* (Baile Átha Cliath, 1932), 369 (uimh. 200). Deirtí é ach a mbítí ag gabháil timpeall leis an gcrois Bhríde.

21. *rothaireacht*: Ruathaireacht, 'verbal assaults', cf. *eDIL* s.v. *rothach*, 'an attack'.

21. *dá ndéinge*: (LSÍ n-deingid) Cf. Cecile O'Rahilly (ed.), *Trompa na bhFlaitheas* (Dublin, 1955) s.v. *do-ním*, present subjunctive, 'Muna ndéinge sibh', lch 334.

22. *Scotaireamh*: (LSÍ sgotairuim) An Irishman. (Scot + aireamh), 'Aireamh', *eDIL* s.v. *airem*, 'ploughman, ordinary man'. Cf. 'scoturra' in John C. Mac Erlean (eag.) *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair III*, ITS 18 (London, 1917), 194 agus *eDIL* s.v. *Scot*.

22. *morgaithe*: (LSÍ moruighthe) Ráite le trí shiolla neamhaiceanta le bá idir *-the* agus *as* { o - - -} Aidiacht bhriathartha de 'morgadh' ag tagairt siar do 'rothaireacht': 'Ná corraighse faoi rothaireacht is morgaithe as béal a teacht'. Cf. Brian Ó Cuív (ed.), *Párliament na mBan* (Dublin, 1952) 'Mar an ccéadna as déisdinioch lé Dia na húrnaighthe thig ó chroídhe et ó bhéal mórgaithe …' (i.e. morgaithe), línte 2820–1. Nó *eDIL* s.v. *murchuirthe*, 'one come overseas, a foreigner', leis an gciall 'castaway'.

24. *roscaibh buile*: Ba nós coiteann tráth den saol asacháin i bhfoirm véarsaíochta a chaitheamh dá mbeadh achrann nó easaontas i gceist. Bhíodh feidhm chinnte nó áiteamh machnaithe sa teachtaireacht agus é fite fuaite i gclisteacht na filíochta féin agus i dtarcaisne na gearrachainte.

24. *gach aos is ceart*: (LSÍ ná g*ach*aois) Agus é deacair ciall loighciúil a bhaint as 'ná' na lámhscríbhinní fágadh ar lár é chun an léamh 'más dochrach do gach aos (dána) agus atá ceart' a dhéanamh.

Aguisín

Measadh nár mhiste téacs de *Ní claoine fealla* … a sholáthar do léitheoirí toisc go dtagraítear go sonrach dó sa réamhrá. Tras-scríobh dioplómaitiúil den gcóip a dhein Uileag a Búrc a tugtar anso, gan aon chur isteach ná amach ar leagan an scríobhaí. I bhfo-chás tugtar malairt as ARÉ 23 C 8, a scríobh Mícheál Óg Ó Longáin, nuair a measadh téacs an Bhúrcaigh a bheith pas beag achrannach.

ARÉ 12 F 7, lch 128

Uileag a Búrc 1749–50
An tEanach, Co. Chorcaí

DOCHTUIR DUBHGAIN CCT ANNSO
Ní claoine fealla ná meatacht do leag ár mbuighean riamh
ná fuigheallach easguin[15] as ceallaibh ní feas gur thuil síad
acht bruíghean is spairaing is calmacht arm níghe a ngliadh
4 ag díbirt danar a ccathaibh as banba í bhríain.

Bo fior gan chealg as geala-bhrog armíghe[16] a ttriall
síos go sleasaibh an aird-phuirt[17] ainimníghidh cliath (*Dublin*)[18]
go fíochmhar fearradha feargach frasach fior dhían
8 chum bruíghne seasamh[19] le danair go leagadís íad.

Da mhíle pearsa aco an arm sa cceannas faoi an ttriath
go maoineach meanamnach mearradha maiseach faoi mhiann
chum tirre abhaile go dearbh níor mheas anniocht tíacht[20]
12 a bhfiorguil catha, a ccluain tarbh go leagad[21] díobh tríar.

Mo dhíth dá maireadh a acfuinn aneart sa bhuíghean brían
iar stríoca banba meata do ghallaibh faoi riaghail
is naoideach aiteach dar peadair do ghreadfaidís íad
16 gan fuigheall tar chalaith no as breatainn amach a dígh[22] diabhuil.

Nách fíor gur masla do shleachtaibh cuirc caisil rígh aniaith
is dfhior fhuil gaisge do chleacht a ngul seasamh buíll dían
do siol conmhaicne do shliocht fearguis, is aruid cuinn fial
20 le dríodar brasguir bhíg breataine a leaga sios ríamh.

Ní haoirde calmacht namhad na gaisge rínn ríamh
sgur griobhach amhuil le danair nár sheasaimh inn cian
acht bruighean na ccarad sa mbaile is gearra dlígh día
24 noch dfíoruig bearach do leacach is calam cill niamh.

TOMÁS L. Ó MURCHÚ
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

[15] ARÉ 23 C 8 'easguine'.
[16] ARÉ 23 C 8 'fhearmuighe', Fhear Maí.
[17] ARÉ 23 C 8 'airuid-phuirt'.
[18] Gluais an scríobhaí.
[19] ARÉ 23 C 8 'sheasamh'.
[20] ARÉ 23 C 8 'aníos triall'.
[21] ARÉ 23 C 8 'gur leagadh'.
[22] ARÉ 23 C 8 'a ttí'.